Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. en)

9650/22

CDR 65

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. An 7 Feabhra 2022, i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú ar dá bhun a moladh Tiit TERIK, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh.[1]

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Tiit TERIK, mhol[2] Rialtas na hEastóine Jevgeni OSSINOVSKI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Tallinna Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Thaillinn), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

[1] 6139/22.
[2] 9613/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 9648/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.